2026/361

20.2.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/361 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Feabhra 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí feithiclí tromshaothair ag a bhfuil feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/1269/CEE, 2005/55/CE agus 2005/78/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(4), pointe (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cé go leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún ([2]) na ceanglais maidir le ceadú feithiclí tromshaothair a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí agus go leagtar síos na ceanglais theicniúla le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún ([3]) maidir le hastaíochtaí CO_2 agus tomhaltas breosla agus faireachán maise ar bord ar fheithiclí tromshaothair ar an mbóthar, ba cheart go mbeadh an dearbhú comhlíontachta maidir le feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh agus córas faireacháin mhaise ar bord mar chuid den chóras cineálcheadaithe arna thionscnamh le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011. Dá bhrí sin is gá nasc a áirithiú idir an cineálcheadú astaíochtaí agus comhlíontacht cheanglais OBFCM agus carachtair cheadaithe astaíochtaí nua a leagan amach ionas gur féidir feithiclí ag a bhfuil feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh a shainaithint.

(2) Cé gur cheart go mbeadh faireachán ar bord ar ídiú breosla mar chuid den chóras cineálcheadaithe innill arna thionscnamh le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, an ceanglas maidir le mais iomlán na feithicle ar bord a chinneadh, is féidir leis an monaróir innill nó leis an monaróir atá freagrach as an gcineálcheadú feithicle é a chomhlíonadh. I gcás nach ndéanann an monaróir innill foráil maidir le mais iomlán na feithicle a chinneadh mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, ba cheart an fhreagracht as an bhfaireachán ar mhais ar bord a bheith ar an monaróir atá freagrach as an inneall a shuiteáil san fheithicil.

(3) Toisc go gcomhlánaítear luachanna ídithe breosla agus astaíochtaí CO_2 na bhfeithiclí tromshaothair mar thoradh ar nósanna imeachta tástála rialúcháin faoi Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún ([4]) le faisnéis a thaifeadtar le feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 maidir le fíorídiú na bhfeithiclí ar an meán nuair a thiomáintear ar an mbóthar iad, agus tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun a mheas an léiriú leormhaith iad na nósanna imeachta rialúcháin ar fhíorastaíochtaí CO_2 ar an meán, chomh maith leis an méid breosla agus fuinnimh leictrigh a ídítear, ba cheart cruinneas na bhfeistí sin ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh a dheimhniú le linn tástála ar an mbóthar.

([1]) IO L 188, 18.7.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/595/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/582/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh (IO L, 2025/2161, 31.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2161/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

(4) Ba cheart an fhaisnéis riachtanach maidir le hídiú breosla agus astaíochtaí ó na córais iompartha chun astaíochtaí a thomhas (PEMS) a thaifeadadh chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh mar a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Theicniúil – Mótarfheithiclí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear míreanna 15 agus 16 seo a leanas leis:

'15. Chun cineálcheadú ón Aontas a fháil ar fheithicil ag a bhfuil córas ceadaithe innill maidir le hastaíochtaí, nó cineálcheadú ón Aontas ar fheithicil maidir le hastaíochtaí, áiritheoidh an monaróir go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 (*) ón gCoimisiún.

É sin ráite, ní bheidh ar an monaróir a dhearbhú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 i gcás ina dtugann an monaróir le fios sa dearbhú comhlíontachta a leagtar amach i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach gclárófar feithiclí nua den chineál atá le ceadú, nach gcuirfear ar an margadh iad agus nach gcuirfear i mbun seirbhíse iad san Aontas ar nó i ndiaidh an dáta ábhartha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

16. Chun cineálcheadú ón Aontas a fháil ar chóras innill nó aicme inneall mar aonad teicniúil ar leith, áiritheoidh an monaróir go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161.

É sin ráite, ní bheidh ar an monaróir a dhearbhú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 i gcás ina dtugann an monaróir le fios sa dearbhú comhlíontachta a leagtar amach i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach gclárófar innill nua den chineál atá le ceadú, nach gcuirfear ar an margadh iad agus nach gcuirfear i mbun seirbhíse iad san Aontas ar nó i ndiaidh an dáta ábhartha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh (IO L, 2025/2161, 31.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2161/oj).';

(2) in Airteagal 6(1a), cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) comhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, seachas i gcás inar thug an monaróir le fios sa dearbhú comhlíontachta a leagtar amach i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach gclárófar innill nua den chineál atá le ceadú, nach ndíolfar iad agus nach gcuirfear i mbun seirbhíse iad san Aontas ar nó i ndiaidh an dáta ábhartha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.';

(3) in Airteagal 8(1a), cuirtear an pointe (f) seo a leanas isteach:

'(f) comhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, seachas i gcás inar thug an monaróir le fios sa dearbhú comhlíontachta a leagtar amach i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach gclárófar feithiclí nua den chineál atá le ceadú, nach ndíolfar iad agus nach gcuirfear i mbun seirbhíse iad san Aontas ar nó i ndiaidh an dáta ábhartha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.';

(4) in Airteagal 10(1a), cuirtear an pointe (f) seo a leanas isteach:

'(f) comhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, seachas i gcás ina dtugann an monaróir le fios sa dearbhú comhlíontachta a leagtar amach i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach gclárófar feithiclí nua den chineál atá le ceadú, nach ndíolfar iad agus nach gcuirfear i mbun seirbhíse iad san Aontas ar na dátaí ábhartha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin nó ina dhiaidh.';

(5) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Arna iarraidh sin don údarás ceadaithe agus tar éis tástáil inseirbhíse a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo nó tar éis tástáil fíorúcháin a dhéanamh maidir le feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó maidir le córas faireacháin mhaise ar bord i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, cuirfidh an monaróir an plean beart feabhais faoi bhráid an údaráis ceadaithe tráth nach déanaí ná 60 lá oibre tar éis dó an fógra a fháil ón údarás ceadaithe. I gcás inar féidir leis an monaróir a léiriú chun sástacht an údaráis ceadaithe go dteastaíonn tuilleadh ama chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcúis atá leis an neamhchomhlíonadh chun plean beart feabhais a thíolacadh, is féidir síneadh ama a bhronnadh.'.

(6) In Airteagal 17a, cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

'5. Le héifeacht ón 1 Iúil 2027, measfaidh údaráis náisiúnta, i gcás feithiclí nua faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le Rialachán (AE) 2026/361 ón gCoimisiún (*), nach bhfuil deimhnithe comhréireachta a eisítear i leith na bhfeithiclí sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858 agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí, toirmiscfear an clárú, agus beidh na feithiclí sin ar fáil ar an margadh agus cuirfear i mbun seirbhíse iad.

6. Le héifeacht ón 29 Bealtaine 2029, measfaidh údaráis náisiúnta, i gcás feithiclí agus innill nua, nach bhfuil deimhnithe comhréireachta a eisítear i leith na bhfeithiclí sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858 agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí, toirmiscfear an clárú, agus beidh na feithiclí sin ar fáil ar an margadh agus cuirfear i mbun seirbhíse iad, seachas i gcás ina gcuirtear inneall nua i bhfeithiclí inseirbhíse in ionad an tseaninnill, agus i gcás innill le haghaidh feithiclí arna dtáirgeadh ag monaróirí ísealtáirgeachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le héifeacht ón 29 Samhain 2027 le haghaidh feithiclí nua sa chatagóir M_1 agus N_1 a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 595/2009, measfaidh údaráis áitiúla nach bhfuil deimhnithe comhréireachta a eisítear i leith na bhfeithiclí sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858 agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí, toirmiscfear clárú ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse na bhfeithiclí sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le héifeacht ón 1 Iúil 2030 le haghaidh feithiclí nua sa chatagóir M_1 agus N_1 déanta ag monaróirí ísealtáirgeachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1257, measfaidh údaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta a eisítear i leith na bhfeithiclí sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858 agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí, toirmiscfear clárú ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse na bhfeithiclí sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le héifeacht ón 1 Iúil 2031 le haghaidh feithiclí nua sa chatagóir M_2, M_3, N_2, agus N_3 déanta ag monaróirí ísealtáirgeachta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1257, measfaidh údaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta a eisítear i leith na bhfeithiclí sin bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858 agus, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí, toirmiscfear clárú ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse na bhfeithiclí sin.

(*) Rialachán (AE) 2026/361 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí feithiclí tromshaothair ag a bhfuil feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh (IO L, 2026/361, 20.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/361/oj).

(**) Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj).'.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. In Iarcríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, leasaítear Foscríbhinn 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre:

'Is éard a bheidh i Roinn 3 den uimhir chineálcheadaithe AE a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 6(1), Airteagal 8(1) agus Airteagal 10(1) uimhir an ghnímh rialála cur chun feidhme nó an ghnímh rialúcháin leasaithigh is déanaí is infheidhme maidir le cineálcheadú AE. Beidh carachtar aibítre ann i ndiaidh na huimhreach, lena léirítear ceanglais na gcóras diagnóisice ar bord agus na gcóras sainráta tráchtearraí i gcomhréir le Tábla 1, nó carachtar aibítre agus carachtar clógrafaíoch lena léirítear ceanglais na gcóras diagnóisice ar bord, sainráta tráchtearraí agus feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh i gcomhréir le Tábla 1.';

(b) i dTábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú ró:

'E	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 1 nó Thábla 2	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 1	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 2	Ginearálta ([13])	Ginearálta ([14])	Tá	10 %	Tá	1.1.2021 ([15])	1.1.2022 ([15])	28.5.2029 ([15])'

(c) i dTábla 1, cuirtear an ró seo a leanas isteach:

'E+	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 1 nó Thábla 2	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 1	Ró "ceanglais ghinearálta" Thábla 2	Ginearálta ([13])	Ginearálta ([14])	Tá	10 %	Tá	—	1.7.2027 ([16])	28.5.2029'

(d) i dTábla 1, cuirtear an eochair seo a leanas isteach:

'([16]) Maidir le feithiclí a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161.'

2. Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe 10.1.7.1:

'10.1.7.1a. Léamh odaiméadair ag deireadh na tástála [km].';

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe 10.1.7.7:

'10.1.7.8. Mais iarbhír na feithicle le haghaidh na tástála PEMS le pálasta (kg).';

(c) cuirtear isteach na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe 10.1.8.17:

'10.1.8a. *Sonraí tomhaiste ar an toirt OBFCM (más infheidhme)*

10.1.8a.1. Breosla iomlán a ídítear (saolré) (cileagraim).

10.1.8a.2. Fad iomlán a thaistealaítear (saolré) (ciliméadair).

10.1.8a.3. Ráta breosla innill (g/s).

10.1.8a.4. Ráta breosla feithicle (g/s).

10.1.8a.5. Mais iomlán na feithicle (kg).';

(d) Cuirtear na pointí seo a leanas leis tar éis phointe 10.1.10.12a:

'10.1.10a. *Luachanna OBFCM (más infheidhme)*

10.1.10a.1. Breosla iomlán a ídítear (saolré) (cileagraim) ag tús na tástála.

10.1.10a.2. Breosla iomlán a ídítear (saolré) (cileagraim) ag deireadh na tástála.

10.1.10a.3. Fad iomlán a thaistealaítear (saolré) (ciliméadair) ag tús na tástála.

10.1.10a.4. Fad iomlán a thaistealaítear (saolré) (ciliméadair) ag deireadh na tástála.

10.1.10a.5. Ráta breosla Innill carntha (g).

10.1.10a.6. Ráta breosla Feithicle carntha (g).

10.1.10a.7. Meán mhais iomlán na feithicle.';

(e) i bhFoscríbhinn 1, i dTábla 1, faoi phointe 2.2., cuirtear na rónna seo a leanas isteach roimh na nótaí tábla:

'Breosla iomlán a ídítear (saolré) ([5])	kg	feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó córas stiúrtha innill
Fad iomlán a thaistealaítear (saolré) ([5])	km	feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó córas stiúrtha innill
Ráta breosla innill ([5])	g/s	feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó córas stiúrtha innill
Ráta breosla feithicle ([5])	g/s	feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó córas stiúrtha innill
Mais iomlán na feithicle ([5])	kg	feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó córas stiúrtha innill'

(f) i bhFoscríbhinn 1, i dTábla 1, faoi phointe 2.2, cuirtear an nóta tábla a leanas isteach:

'([5]) I gcás inarb infheidhme, maidir le feithiclí atá feistithe le hinneall ag a bhfuil feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161';

(g) i bpointe 2.2 d'Fhoscríbhinn 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Cuirfear na hamhshonraí bunaidh maidir le sonraí a léitear ón bhfeiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh nó ón gcóras stiúrtha innill ar fáil don údarás ceadaithe agus, arna iarraidh sin, don Choimisiún.';

(h) i bpointe 2.4 d'Fhoscríbhinn 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'2.4.8. *Feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh*

Má tá inneall den aicme inneall suiteáilte i bhfeithicil ina bhfuil feiste ar bord chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh agus míleáiste mótarfheithiclí i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161, cuirfear an fheiste ar bord sin san inneall tástála.';

(i) i bpointe 2.6.1 d'Fhoscríbhinn 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'I gcás inarb infheidhme, cuirfear tús le taifead a dhéanamh ar na paraiméadair a leagtar amach i dTábla 1 arna chinneadh ag an bhfeiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh ag tús na tástála.';

(j) i bpointe 2.6.2. d'Fhoscríbhinn 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'I gcás inarb infheidhme, leanfar de thaifead a dhéanamh ar na paraiméadair a leagtar amach i dTábla 1 arna chinneadh ag an bhfeiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh ar feadh ghnáthoibríocht ghníomhach an innill.';

(k) i bpointe 2.6.3. d'Fhoscríbhinn 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'I gcás inarb infheidhme, cuirfear deireadh le taifead a dhéanamh ar na paraiméadair a leagtar amach i dTábla 1 arna chinneadh ag an bhfeiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh ag deireadh na tástála. Déanfar taifead ar an léamh odaiméadair ag deireadh na tástála.'.

3. i bpointe 5.1 d'Fhoscríbhinn 1, in Iarscríbhinn VI, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, cuirtear an pointe (k) seo a leanas isteach:

'(k) Faisnéis faoi luachanna OBFCM tomhaiste ar an toirt mar a thuairiscítear i bpointe 10.1.8a.1 go 10.1.8a.5 d'Iarscríbhinn II, agus meánluachanna agus luachanna agus comhtháite OBFCM mar a thuairiscítear i bpointí 10.1.10a.1 go 10.1.10a.7 d'Iarscríbhinn II.'.